



# ELeathanach 416



Dé Luain, an 13 Meitheamh 2022

Is é seo ELeathanach deireanach na bliana. Bainigí taitneamh as an samhradh. Beidh ELeathanach ar ais arís i mí Mheán Fómhair.

## Craobhchomórtas peile 2022

Níl ach ocht bhfoireann fágtha i gcraobhchomórtas peile na bhfear i mbliana. Bhuaigh Tír Eoghain an comórtas anuraidh, ach níl siad sa chomórtas níos mó i mbliana.

Ag an deireadh seachtaine, bhuaigh An Clár, Ard Mhacha, Corcaigh agus Maigh Eo sa bhabhta cáilithe. Beidh an chéad bhabhta ar siúl i gceann coicíse agus beidh na buaiteoirí ó gach cúige ag imirt freisin.

Beidh an cluiche ceannais ar siúl ar an 24 Iúil. Go dtí le déanaí bhí an cluiche ceannais ar siúl i mí Mheán Fómhair, ach beidh buaiteoir na bliana ar eolas againn i mí Iúil i mbliana.



Páirc an Chrócaigh




## Na billiúin dollar ar ghrinneall na farrage

Is tír í an Cholóim i Meiriceá Theas. Roghnaigh siad an t-ainm in ómós don taiscéalaí Christopher Columbus. Is cosúil nach raibh Columbus riamh sa tír.

Le déanaí, tháinig siad ar dhá long báite san fharrage in aice le cósta na Colóime. Is cosúil nach raibh aon duine ar na longa seo a chuaigh go tóin poill. Timpeall ar na longa tá boinn óir agus taisce eile. Síleann siad go bhfuil luach an-mhór ar an taisce, na billiúin dollar fiú!

Beidh ar dhaoine dul ag tumadh chun na boinn óir agus an taisce eile a bhailiú.



## Comórtas dainséarach: sa tóir ar an liathróid cháise!

Le níos mó ná 200 bliain, bíonn rás in Gloucestershire, Sasana, sa tóir ar liathróid cháise. Ritheann daoine síos Cooper's Hill ag iarraidh breith ar an gcáis roimh na daoine eile.

Le linn na paindéime, ní raibh aon rás acu, ach thosaigh an comórtas arís i mbliana. Is féidir leis an mbuaiteoir an liathróid cháise a choimeád.

I mbliana bhuaigh Abby Lambe an comórtas. D'fhoghlaim sí faoin rás ar chlár ar Netflix. Agus í ag ullmhú don rás, d'fhéach sí ar an-chuid físeán ó rásaí eile chun straitéisí na n-iomaitheoirí a fheiceáil. Is í Abby an chéad bhean Mheiriceánach a bhuaigh an rás seo riamh.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-  
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire,  
BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeilte & Gaelscoláiochta

